



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Samhain 2022
(OR. en)

14371/22

**Comhad Idirinstiúideach:
2022/0349(NLE)**

**COEST 805
POLCOM 152
AGRI 608
VETER 78
PHYTOSAN 48
DENLEG 80
COMPET 863
RELEX 1476**

TOGRA

ó: Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir

dáta a fuarthas: 28 Deireadh Fómhair 2022

chuig: Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh

Uimh. an doic. ón gCoim.: COM(2022) 561 final

Ábhar: Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh den Fhochoiste Sláintíochta agus Fiteashláintíochta arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, a mhalairt, maidir le hlarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú sin a mhodhnú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 561 final.

Faoi iamh: COM(2022) 561 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.10.2022
COM(2022) 561 final

2022/0349 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh den Fhochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, a mhalairt, maidir le hIarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú sin a mhodhnú

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- Forais agus cuspóirí an togra

Baineann an togra leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Fhochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta ('an Fochoiste SPS') arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gComhaltaí Stáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile¹ ('an Comhaontú') maidir le hIarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú.

Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Iúil 2016. Socraítear in Airteagal 55(1) go bhfuil an tSeoirsia chun a bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta, leasa ainmhithe agus bearta reachtacha eile a chomhfhogasú de réir a chéile le bearta reachtacha an Aontais. Liostaítear in Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú an reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais a mbeidh an tSeoirsia le ailíniú léi. Glacadh an Iarscríbhinn XI-B atá infheidhme faoi láthair an 7 Márta 2017 le Cinneadh Uimh. 1/2017 ó Fhochoiste SPS².

Ó shin i leith, rinne an tAontas roinnt gníomhartha atá ar an liosta a aisghairm agus gníomhartha nuabhunaithe a chur ina n-ionad, agus tá a n-éifeacht dhlíthiúil ídithe ag gníomhartha eile. Ina theannta sin, measann páirtithe sa Chomhaontú nach bhfuil líon teoranta gníomhartha infheidhme maidir leis an tSeoirsia agus nár cheart iad a chur leis ar an gcéad dul síos. Tá sé d'aidhm ag an modhnú atá beartaithe ar Iarscríbhinn XI-B roinnt gníomhartha a chur in ionad na gníomhartha atá liostaithe ann agus a aisghaireadh agus lena scriostar roinnt gníomhartha a bhfuil a n-éifeacht dhlíthiúil ídithe nó a mheastar nach bhfuil ábhartha a thuilleadh don tSeoirsia.

- Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Leis an togra seo cuirtear chun feidhme comhbheartas tráchtála an Aontais i leith na Seoirsia, tír Chomhpháirtíocht Chomharsanacht an Oirthir, ar bhonn fhorálacha an Chomhaontaithe agus go háirithe a chuspóir limistéar saorthrádála a chruthú. Leis an togra seo cuirtear chun feidhme forálacha an Chomhaontaithe a bhfuil sé d'aidhm acu trádáil talmhaíochta a threisiú agus go háirithe cumas onnmhairiúcháin talmhaíochta na Seoirsia a fheabhsú, ar bhonn *acquis* an Aontais.

- Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an togra seo comhsheasmeach le cur chun feidhme bheartais sheachtracha eile an Aontais, go háirithe Beartas Comharsanachta na hEorpa agus an Beartas maidir le Comhar um Fhorbairt i ndáil leis an tSeoirsia, agus cuireann an togra leo.

¹ IO L 261, 30.08.2014, lch. 4.

² IO L 98, 11.04.2017, lch. 22.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

2.1. Bunús dlí nós imeachta

2.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí ón gComhairle lena leagtar síos ‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú³.

Áirítear ar na ‘gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo’ gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d’fhéadfadh ‘tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh’⁴.

2.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é an Fochoiste SPS a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin an Comhaontú, a síníodh an 16 Meitheamh 2014 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2016.

Tá an tAontas, mar aon lena Bhallstáit, agus an Comhphobal Eorpach d’Fhuinneamh Adamhach ina bPáirtithe sa Chomhaontú.

An gníomh a iarrtar ar an bhFochoiste Custaim a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 408 agus le hAirteagal 409 den Chomhaontú.

Leis an gníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhri sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atáthar a mholadh.

2.2. Bunús substaintiúil dlí

2.2.1. Prionsabail

Braitheann an bunús substaintiúil dlí do chinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substaintiúil dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

³ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 07 Deireadh Fómhair 2014, *an Ghearmáin v an Ghearmáin*, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

⁴ Id. ag míreanna 61 go 64.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú leis ag an am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad a bhfuil dlúthnasc doscartha eatarthu gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an ceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na boinn chomhfhreagracha dlí ar fad a áireamh sa bhunús substaintiúil dlí atá leis an gcinneadh faoi Airteagal 218(9) de CFAE.

2.2.2. *Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Sa ghníomh atá beartaithe déantar roinnt gníomhartha a chur leis a chuirtear in ionad na ngníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn XI-B a aisghaireadh agus scriosadh roinnt gníomhartha a bhfuil a n-éifeacht dhlíthiúil ídithe nó a mheastar nach bhfuil ábhartha a thuilleadh don tSeoirsia. Tá comhpháirteanna aige a thagann faoi réim réimsí an chomhbheartais tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207(4) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

2.3. **Conclúid**

Ba cheart Airteagal 207(4) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de CFAE a bheith ina mbunús dlí don chinneadh atáthar a mholadh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Sainmhínítear an comhbheartas tráchtála, i gcomhréir le hAirteagal 3 den CFAE, mar inniúlacht eisiach de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Tá gá leis an togra seo chun gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a leagtar amach sa Chomhaontú leis an tSeoirsia a chur chun feidhme.

- **An rogha ionstraime**

Tá an togra seo i gcomhréir le hAirteagal 218(9) den CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, cinneadh lena mbunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna bhunú ag an gcomhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu a ghlacadh.

3. **TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

D'ullmhaigh an tSeoirsia an liosta *acquis* de chuid an Aontais a mbeidh sí chun a reachtaíocht intíre a chomhfhogasú dó, i gcomhréir le nósanna imeachta intíre iomchuí. Níl feidhm ag comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara an AE maidir leis an togra seo.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chuir an tAontas a shaineolas ar chúrsaí sláintíochta, fiteashláintíochta agus leasa ainmhithe ar fáil d'údaráis na Seoirsia chun liosta *acquis* an Aontais a ullmhú atá beartaithe lena chomhfhogasú ag an tír chomhpháirtíochta sin.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Ceartha bunúsacha**

Níl aon iarmhairtí ag gabháil leis an togra maidir le cosaint na gceart bunúsach.

4. **IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA**

Neamhbhainteach.

5. **EILIMINTÍ EILE**

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanann an Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus an tSeoirsia agus a fochomhlachtaí arna mbunú ag an gComhaontú athbhreithniú ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe go rialta. Déanann an Fochoiste SPS maoirseacht ar chur chun feidhme Chaibidil 4 ar bhearta sláintíochta agus fiteashláintíochta an Chomhaontaithe agus a Iarscríbhinn XI-B.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é is aidhm don togra seasamh Aontais a ghlacadh maidir le hIarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú. I gcomhréir le hAirteagal 55(1) den Chomhaontú, liostaítear in Iarscríbhinn XI-B *acquis* an Aontais a bhfuil an tSeoirsia chun a reachtaíocht a chomhfhogasú i réimse na mbeart sláintíochta, fiteashláintíochta agus leasa ainmhithe, chun stádas coibhéise a bhaint amach do tháirge nó do ghrúpa táirgí, dá bhforáiltear in Airteagal 57 den Chomhaontú.

D'ullmhaigh an tSeoirsia liosta den sórt sin d'*acquis* an Aontais i gcomhréir lena nósanna imeachta intíre, chuir sí an togra faoi bhráid an Choimisiúin i mí Feabhra 2015 agus thug sí chun críche é, i gcomhairle leis an gCoimisiún, i mí na Nollag 2015. D'athraigh an Fochoiste Iarscríbhinn XI-B le Cinneadh Uimh. 1/2017⁵. Ó shin i leith, rinne an tAontas roinnt gníomhartha atá in Iarscríbhinn XI-B a aisghairm agus gníomhartha nuabhunaithe a chur ina n-ionad, agus bhí a n-éifeacht dhlíthiúil ídithe ag gníomhartha eile. Ina theannta sin, measann na páirtithe go bhfuil líon teoranta gníomhartha nach bhfuil infheidhme maidir leis an tSeoirsia.

Tá sé mar aidhm ag an togra, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XI-B a thabhairt cothrom le dáta trí roinnt gníomhartha a chur isteach a chuirtear in ionad na bearta atá liostaithe ann agus a aisghaireadh agus trí roinnt gníomhartha a bhfuil a n-éifeacht dhlíthiúil

⁵ OJ L 98, 11.4.2017, lch. 22.

ídithe acu nó a measadh nach bhfuil infheidhme a thuilleadh maidir leis an tSeoirsia a scriosadh ó glacadh Iarscríbhinn XI-B le Cinneadh Uimh. 1/2017 ó Fhochoiste SPS.

Tá sé de chumhacht ag an bhFochoiste SPS cinneadh a dhéanamh maidir le hIarscríbhinn XI-B a mhodhnú i gcomhréir le hAirteagal 65 den Chomhaontú. I gcomhréir le forálacha an Airteagail sin, déanann an Fochoiste SPS faireachán ar chur chun feidhme Chaibidil 4 (Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta) de Theideal IV (Trádáil agus ábhair a bhaineann le trádáil) den Chomhaontú agus glacann sé cinntí, de réir mar is cuí, ar an modhnú d'Iarscríbhinn IV-XII a ghabhann leis an gComhaontú.

Leagtar amach sna ranna seo a leanas na modhnuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinn XI-B.

1. GNÍOMHARTHA ATÁ LE HATHRÚ

Gníomh aisghairthe	An gníomh/na gníomhartha aisghairthe
Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe').	Rialachán (CE) Uimh. 21/2004 an 17 Nollaig 2003 lena mbunaítear córas chun ainmhithe caorach agus gabhair a shainaithint agus a chlárú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 agus Treoir 92/102/CEE agus Treoir 64/432/CEE.
	Treoir 2003/85/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 maidir le bearta Comhphobail chun galar crúb agus béil a rialú lena n-aisghairtear Treoir 85/511/CEE agus Cinneadh 89/531/CEE agus Cinneadh 91/665/CEE agus lena leasaítear Treoir 92/46/CEE.
	Treoir 2002/60/CE ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena leagtar síos forálacha sonracha chun fiabhras Afracach na muc a rialú agus lena leasaítear Treoir 92/119/CEE maidir le galar Teschen agus fiabhras Afracach na muc.
	Treoir 92/66/CEE ón gComhairle an 14 Iúil 1992 lena dtugtar isteach bearta Comhphobail maidir le rialú ghalar Newcastle.
	Treoir 2008/71/CE ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le sainaithint agus clárú muc.
	Treoir 2005/94/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le bearta Comhphobail maidir le rialú an fhliú éanúil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/40/CEE.
	Treoir 2006/88/CE ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 maidir le ceanglais sláinte ainmhithe do bharshaothraithe agus táirgí díobh sin, agus maidir le galair áirithe a chosc agus a rialú i gcás ainmhithe uisceacha do bharshaothraithe.
	Treoir 92/118/CEE ón gComhairle an 17 Nollaig 1992 lena leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe agus sláinte poiblí a rialaíonn trádáil i dtáirgí laistigh den Chomhphobal agus allmhairí díobh nach bhfuil faoi réir na gceanglas sin atá leagtha síos i rialacha sonracha Comhphobail dá dtagraítear in Iarscríbhinn A (I) a ghabhann le Treoir 89/662/CEE agus, a ghabhann le Treoir 90/425/CEE, maidir le pataiginí.

	Treoir 64/432/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1964 maidir le fadhbanna sláinte ainmhithe a dhéanann difear do thrádáil laistigh den Chomhphobal i mbó ainmhithe agus i mucra.
	Treoir 2000/75/CEE ón gComhairle an 20 Samhain 2000 lena leagtar síos forálacha sonracha maidir le galar gormtheanga a rialú agus a dhíothú.
	Treoir 2002/99/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 lena leagtar síos na rialacha sláinte ainmhithe a rialaíonn táirgeadh, próiseáil, dáileadh agus tabhairt isteach táirgí de bhunadh ainmhíoch lena gcaitheamh ag an duine.
	Treoir 2004/68/CEE ón gComhairle an 26 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sláinte ainmhithe chun crúbaigh beo áirithe a allmhairiú isteach sa Chomhphobal agus a bheith faoi bhealach tríd, lena leasaítear Treoir 90/426/CEE agus Treoir 92/65/CEE agus lena n-aisghairtear Treoir 72/462/CEE.
	Treoir 92/119/CEE ón gComhairle an 17 Nollaig 1992 lena dtugtar isteach bearta ginearálta Comhphobail chun galair áirithe ainmhithe a rialú agus bearta sonracha i ndáil le galar saicíneach na muc.
	Treoir 90/426/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 maidir le coinníollacha sláinte ainmhithe lena rialaítear gluaiseacht agus allmhairiú eachainmhithe ó thríú tíortha.
	Treoir 2009/156/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinníollacha sláinte ainmhithe a rialaíonn gluaiseacht agus allmhairiú eachainmhithe ó thríú tíortha.
	Treoir 92/35/CEE ón gComhairle an 29 Aibreáin 1992 lena leagtar síos rialacha agus bearta rialaithe le tinneas Afracach na gcapall a chomhrac.
	Treoir 90/429/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 lena leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe is infheidhme maidir le trádáil laistigh den Chomhphobal de sheamhan ainmhithe clóis den speiceas mucach agus allmhairí díobh.
Rialachán Tarmlichte (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha faireachais, clár díothaithe, agus stádas saor ó ghalair do ghalair áirithe liostaithe agus do ghalair atá ag teacht chun cinn.	Cinneadh 2010/367/AE ón gCoimisiún an 25 Meitheamh 2010 maidir le cur chun feidhme clár faireachais ag Ballstáit don fhliú éanúil in éanlaith chlóis agus in éin fhiáine.
	Cinneadh 2002/106/CE ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2002 lena bhformheastar Lámhleabhar Diagnóiseach lena mbunaítear nósanna imeachta diagnóiseacha, modhanna samplála agus critéir chun meastóireacht a dhéanamh ar na tástálacha saotharlainne chun fiabhras na muc clasaiceach a dheimhniú.
	Cinneadh 2003/422/CE ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2003 lena bhformheastar lámhleabhar diagnóiseach ar fhiabhras muc Afracach.
	Cinneadh 2006/437/CE ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2006 lena bhformheastar Lámhleabhar Diagnóiseach don fhliú éanúil dá bhforáiltear i dTreoir 2005/94/CE ón gComhairle.
	Cinneadh 2001/183/CE ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2001

	lena leagtar síos na pleananna samplála agus na modhanna diagnóiseacha chun galair áirithe éisc a bhrath agus a dheimhniú agus lena n-aisghairtear Cinneadh 92/532/CEE.
	Rialachán (CE) Uimh. 1266/2007 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2007 maidir le rialacha cur chun feidhme le haghaidh Threoir 2000/75/CE ón gComhairle maidir le rialú, faireachán, faireachas agus srianta ar ghluaiseachtaí ainmhithe áirithe de speicis sho-ghabhálach i ndáil leis an galar gormtheanga.
	Cinneadh 2000/428/CE ón gCoimisiún an 4 Iúil 2000 lena mbunaítear nósanna imeachta diagnóiseacha, modhanna samplála agus critéir chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí tástálacha saotharlainne maidir le deimhniú agus diagnóis dhifreálach galar saicíneach muc.
Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle	Treoir 98/57/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le rialú <i>Ralstonia solanacearum</i> (Smith) <i>Yabuuchi et al.</i>
	Treoir 2006/91/CE ón gComhairle an 7 Samhain 2006 maidir le rialú Feithid Ghainneach San José.
	Treoir 74/647/CEE ón gComhairle an 9 Nollaig 1974 maidir le rollaithe duille choróineach a rialú.
	Treoir 2000/29/CE ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánach a bheadh díobhálach do phlandaí nó do tháirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus i gcoinne a leata sa Chomhphobal.
	Treoir 2007/33/CE ón gComhairle an 11 Meitheamh 2007 maidir le rialú néimeatóidí cístí prátaí agus lena n-aisghairtear Treoir 69/465/CEE.
	Treoir 93/85/CE ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 1993 maidir le rialú Iomlobhadh Prátaí.
Rialachán (AE) 2016/1012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíochta i dtaca le pórú agus trádáil ainmhithe pórúcháin folaíochta, muca pórúcháin hibrideacha, agus táirgí geirmeacha díobh san Aontas agus lena dtabhairt isteach san Aontas agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 652/2014, Treoir 89/608/CEE ón gComhairle agus Treoir	Treoir 90/427/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 maidir leis na coinníollacha zóiteicniúla agus ginealais lena rialaítear an trádáil eachainmhithe laistigh den Chomhphobal.
	Treoir 2009/157/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le hainmhithe folaíochta síolrúcháin den speiceas buaibheach.
	Treoir 87/328/CEE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1987 maidir le glacadh le hainmhithe síolrúcháin folaíochta den speiceas buaibheach chun críocha pórúcháin.
	Treoir 94/28/CE ón gComhairle an 23 Meitheamh 1994 lena leagtar síos na prionsabail a bhaineann leis na coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíochta is infheidhme maidir le hallmhairí ainmhithe, a gcuid seamhain, ubhán agus suthanna ó thríú tíortha agus lena leasaítear Treoir 77/504/CEE maidir le hainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas buaibheach.

<p>90/425/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse an phóraithe ainmhithe (“An Rialachán maidir le Póru Ainmhithe”)</p>	<p>Treoir 88/661/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1988 maidir leis na caighdeáin theicniúla zú is infheidhme maidir le hainmhithe pórúcháin den speiceas mucach.</p>
<p>Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le rialacha chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú.</p>	<p>Treoir 2003/85/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 maidir le bearta Comhphobail chun galar crúb agus béil a rialú lena n-aisghairtear Treoir 85/511/CEE agus Cinneadh 89/531/CEE agus Cinneadh 91/665/CEE agus agus lena leasaítear Treoir 92/46/CEE.</p> <p>Treoir 92/66/CEE ón gComhairle an 14 Iúil 1992 lena dtugtar isteach bearta Comhphobail maidir le rialú ghalar Newcastle.</p> <p>Treoir 2001/89/CE ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2001 maidir le bearta Comhphobail maidir le rialú fhiabhras clasaiceach na muc.</p> <p>Treoir 2005/94/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le bearta Comhphobail maidir le rialú an fhliú éanúil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/40/CEE.</p>
<p>Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad a thabhairt isteach.</p>	<p>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 139/2013 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2013 lena leagtar síos coinníollacha sláinte ainmhithe maidir le héin áirithe a allmhairiú isteach san Aontas agus na coinníollacha coraintín lena mbaineann.</p> <p>Rialachán (AE) Uimh. 605/2010 ón gCoimisiún an 2 Iúil 2010 lena leagtar síos sláinte ainmhithe agus poiblí agus coinníollacha deimhniúcháin tréidliachta chun bainne amh agus táirgí déiríochta atá ceaptha mar bhia don duine a thabhairt isteach san Aontas Eorpach.</p> <p>Rialachán (AE) Uimh. 28/2012 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2012 lena leagtar síos ceanglais maidir le deimhniúchán allmhairí táirgí áirithe ilchodacha a thagann isteach san Aontas agus atá faoi bhealach tríd agus lena leasaítear Cinneadh 2007/275/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1162/2009.</p>
<p>Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí</p>	<p>Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh chun fíorú chomhlíonadh an dlí beatha agus bia, mar aon le rialacha sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe, a áirithiú.</p> <p>Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos na rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla a eagrú i dtaca le táirgí de bhunadh ainmhíoch lena gcaitheamh ag an duine.</p> <p>Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar a n-iarmhair in ainmhithe beo agus i dtáirgí</p>

<p>agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, RRO)</p>	<p>ainmhithe lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE, 86/469/CEE, agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE.</p>
<p>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus sonraíochtaí comhphárteanna an chórais (Rialachán IMSOC).</p>	<p>Rialachán (AE) Uimh. 16/2011 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme maidir leis an gcóras mear-rabhaidh um bia agus beathaithe.</p> <p>Treoir 94/3/CE ón gCoimisiún an 21 Eanáir 1994 lena mbunaítear nós imeachta chun fógra a thabhairt maidir le hidircheapadh coinsíneachta nó orgánaigh dhíobhálaigh ó thríú tíortha a bhfuil garchontúirt fiteashláintíochta ag baint leis.</p>
<p>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/160 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2022 lena leagtar</p>	<p>Rialachán (AE) Uimh. 1505/2006 an 11 Deireadh Fómhair 2006 ón gCoimisiún lena gcuirtear Rialachán (AE) Uimh. 21/2004 ón gComhairle chun feidhme a mhéid a bhaineann le híosleibhéal na seiceálacha atá le déanamh maidir le</p>

<p>síos íosmhinicíochtaí aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla áirithe lena bhfioraítear go bhfuil ceanglais an Aontais maidir le sláinte ainmhithe á gcomhlíonadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1082/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 1505/2006.</p>	<p>sainaitheint agus clárú ainmhithe de chineál buaibheach nó gabhair.</p> <p>Rialachán (CE) Uimh. 1082/2003 an 23 Meitheamh 2003 ón gCoimisiún ina leagtar síos rialacha sonracha maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme i leith íosleibhéal na rialuithe atá le déanamh faoi chuimsiú an chórais chun bó-ainmhithe a shainaitheint agus a chlárú.</p>
<p>Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirge íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE.</p>	<p>Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte tréidliachta.</p> <p>Treoir 2004/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leasaítear Treoir 2001/82/CE maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte tréidliachta.</p>
<p>Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2014 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2008/90/CE ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha i ndáil le géinis agus speicis plandaí torthaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leo, ceanglais shonracha a bheidh le comhlíonadh ag soláthróirí agus rialacha mionsonraithe maidir le hiniúchtaí oifigiúla.</p>	<p>Treoir 93/48/CEE ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 1993 lena leagtar amach an sceideal a léiríonn na coinníollacha atá le comhlíonadh ag ábhar iomadaithe plandaí torthaí agus plandaí torthaí atá beartaithe le haghaidh táirgeadh torthaí, de bhun Threoir 92/34/CEE ón gComhairle.</p> <p>Treoir 93/64/CEE ón gComhairle an 5 Iúil 1993 lena leagtar amach na bearta cur chun feidhme maidir le maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar sholáthróirí agus ar bhunaíochtaí de bhun Threoir 92/34/CEE ón gComhairle maidir le margú ábhair iomadaithe plandaí torthaí agus gléasraí torthaí atá ceaptha le haghaidh táirgeadh torthaí.</p>
<p>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 ón gCoimisiún an 14 Lúnasa 2020 maidir le bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh <i>Xylella fastidiosa</i> laistigh den Aontas.</p>	<p>Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/87/AE ón gCoimisiún an 13 Feabhra 2014 maidir le bearta chun cosc a chur ar leathadh <i>Xylella fastidiosa</i> (Well and Raju) laistigh den Aontas.</p> <p>Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/497/AE ón gCoimisiún an 23 Iúil 2014 maidir le bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh <i>Xylella fastidiosa</i> laistigh den Aontas.</p>
<p>Rialachán (CE) Uimh.</p>	<p>Rialachán (CE) Uimh. 2075/2005 ón gCoimisiún an 5</p>

<p>2015/1375 an 10 Lúnasa 2015 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla le haghaidh Trichinella i bhfeoil.</p>	<p>Nollaig 2005 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla le haghaidh Trichinella i bhfeoil.</p>
<p>Rialachán (AE) 2019/4 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le beatha íocleasaithe a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/167/CEE ón gComhairle.</p>	<p>Treoir 90/167/CEE ón gComhairle an 26 Márta 1990 lena leagtar síos na coinníollacha lena rialaítear bia-ábhair íocleasaithe a ullmhú, a chur ar an margadh agus a úsáid sa Chomhphobal.</p>
<p>Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2019/2035 an 28 Meitheamh 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha do bhunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe talún agus gorlanna, agus maidir le hinrianaitheacht ainmhithe talún áirithe ar coimeád agus uibheacha goir.</p>	<p>Rialachán (CE) Uimh. 911/2004 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le clibeanna cluaise, pasanna agus cláir choinneála.</p>
<p>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalar agus an stádais neamh-vacsáinithe atá ag Ballstát</p>	<p>Rialachán (CE) Uimh. 616/2009 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2009 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2005/94/CE ón gComhairle maidir le deighleoga éanlaithe clóis agus deighleoga éan eile i mbraighdeanas a fhorfhormheas i ndáil le fliú éanúil agus bearta coisctheacha bithshlándála breise i ndeighleoga den sórt sin.</p>

<p>áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin.</p>	
<p>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe uisceacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a bheith ag teacht isteach san Aontas agus ag gluaiseacht laistigh den Aontas, a mhéid a bhaineann le deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008.</p>	<p>Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2008 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2006/88/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coinníollacha agus ceanglais maidir le deimhniúchán le haghaidh ainmhithe dobharshaothraithe agus táirgí díobh a chur ar an margadh agus a allmhairiú isteach sa Chomhphobal agus lena leagtar síos liosta de speicis veicteora.</p>
<p>Rialachán (AE) 2020/354 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020 lena mbunaítear liosta d'úsáidí beatha atá beartaithe chun críocha cothaitheacha áirithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/38/CE.</p>	<p>Treoir 2008/38/CE ón gCoimisiún an 5 Márta 2008 lena mbunaítear liosta na n-úsáidí atá beartaithe d'ábhair bheatha d'ainmhithe chun críocha áirithe cothaitheacha.</p>
<p>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/262 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2015 lena leagtar síos rialacha de bhun Threoir 90/427/CEE agus Threoir 2009/156/CE maidir leis na modhanna</p>	<p>Rialachán (CE) Uimh. 504/2008 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2008 lena gcuirtear chun feidhme Treoracha 90/426/CEE agus 90/427/CEE ón gComhairle maidir le modhanna chun eachainmhithe a shainaitint.</p>

chun eachainmhithe a shainaitint.	
Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/300 an 19 Feabhra 2019 ón gCoimisiún lena leagtar síos plean ginearálta le haghaidh bainistiú géarchéimeanna i réimse na sábháilteachta bia agus beatha.	Cinneadh 2004/478/CE ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2004 maidir le plean ginearálta a ghlacadh le haghaidh bainistiú géarchéime bia/beathaithe.
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, chun coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a chur isteach san Aontas agus maidir le gluaiseachtaí laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir le deimhnithe den sórt sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE.	Rialachán (AE) Uimh. 211/2013 ón gCoimisiún an 11 Márta 2013 maidir le ceanglais deimhniúcháin le haghaidh allmhairí péacáin agus síolta atá ceaptha chun péacáin a tháirgeadh isteach san Aontas.
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú	Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/137/AE ón gCoimisiún an 1 Márta 2012 maidir le seamhan ainmhithe clóis den speiceas mucach a allmhairiú isteach san Aontas.

<p>tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.</p>	
<p>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [C(2021)1772] ón gCoimisiún maidir le modhanna anailise a fheidhmiú i leith iarmhair substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus a úsáidtear i mbia-ainmhithe, agus maidir le torthaí a léirmhíniú agus, ina theannta sin, maidir leis na modhanna atá le húsáid le haghaidh samplála agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2002/657/CE agus Cinneadh 98/179/CE.</p>	<p>Cinneadh 2002/657/CE ón gCoimisiún an 12 Lúnasa 2002 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 96/23/CE ón gComhairle maidir le feidhmiú modhanna anailiseacha agus léirmhíniú torthaí.</p>
<p>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2019 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 669/2009, (AE) Uimh. 884/2014, (AE) 2015/175, (AE) 2017/186 agus (AE) 2018/1660 ón gCoimisiún.</p>	<p>Rialachán (CE) Uimh. 669/2009 an 24 Iúil 2009 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla ar allmhairithe bia agus beatha áirithe nach bhfuil de bhunadh ainmhíoch agus lena leasaítear Cinneadh 2006/504/CE.</p>

<p>Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún.</p>	<p>Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 1997 maidir le bianna núíosacha agus comhábhair núíosacha bia.</p>
<p>Rialachán (AE) 2019/1871 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2019 maidir le pointí tagartha le haghaidh gníomhaíochta i dtaca le substaintí neamhcheadaithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá i mbia de thionscnamh ainmhíoch agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/34/CE.</p>	<p>Cinneadh 2005/34/CE ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2005 lena leagtar síos caighdeáin chomhchuibhithe maidir le tástáil iarmhair áirithe i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch arna n-allmhairiú ó thríú tíortha.</p>
<p>Moladh 2013/711/AE ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2013 maidir le láithreach de-ocsainí, fúrán agus PCBanna i mbeatha agus i mbia a laghdú.</p>	<p>Moladh 2011/516/AE ón gCoimisiún an 23 Lúnasa 2011 maidir le láithreach ocsainí, fúrán agus PCBanna i mbeatha agus i mbia a laghdú.</p>
<p>Rialachán (AE) 2017/644 an 5 Aibreán 2017 ón gCoimisiún lena leagtar síos modhanna samplála agus anailíse chun rialú a dhéanamh ar na leibhéil dé-ocsainí, PCBanna de chineál dé-ocsaine agus PCBanna neamh-dhé-ocsainiúla i mbia-ábhair áirithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 589/2014.</p>	<p>Rialachán (AE) Uimh. 589/2014 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2014 lena leagtar síos modhanna samplála agus anailíse chun leibhéil dé-ocsainí, PCBanna dé-ocsaine agus PCBanna neamhdhé-ocsaine in earraí bia áirithe a rialú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 252/2012.</p>
<p>Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/2123 ón</p>	<p>Treoir 2004/103/CE ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2004 maidir le seiceálacha aitheantais agus seiceálacha</p>

<p>gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha le haghaidh na gcásanna ina bhféadfar seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar tháirgí áirithe a dhéanamh ag pointí rialaithe agus na gcoinníollacha faoina bhféadfar na seiceálacha sin a dhéanamh agus ina bhféadfar seiceálacha doiciméadacha a dhéanamh i gcéin ó phoist rialaithe teorann agus na gcoinníollacha faoina bhféadfar na seiceálacha sin a dhéanamh.</p>	<p>sláinte plandaí i ndáil le plandaí, táirgí plandaí nó nithe eile a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/29/CE ón gComhairle, seiceálacha a fhéadfar a dhéanamh in áit eile seachas an pointe iontrála chun an Chomhphobail isteach, sin nó in áit atá gar don phointe sin, agus lena sonraítear na coinníollacha a bhaineann leis na seiceálacha sin.</p>
<p>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2019 chun rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le híoscheanglais do phointí trasnaithe teorann, lena n-áirítear lárionaid iniúchta, agus maidir leis an bhformáid, na catagóirí agus na giorrúcháin le húsáid chun pointí trasnaithe teorann agus pointí rialaithe a liostú.</p>	<p>Treoir 98/22/CE ón gCoimisiún an 15 Aibreán 1998 lena leagtar síos na híoschoinníollacha chun seiceálacha sláinte plandaí a dhéanamh sa Chomhphobal, ag ionaid iniúchta seachas iad siúd ag an gceann scríbe, ar phlandaí, ar tháirgí plandaí nó ar réada eile ó thríú tíortha.</p>
<p>Rialachán (AE) Uimh. 283/2013 ón gCoimisiún an 1 Márta 2013 lena leagtar amach na ceanglais sonraí i ndáil le substaintí gníomhacha, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a</p>	<p>Rialachán (AE) Uimh. 544/2011 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir lena ceanglais sonraí i ndáil le substaintí gníomhacha.</p>

chur ar an margadh.	
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2020 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana le haghaidh substaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún.	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh.
Treoir Cur Chun Feidhme 2014/97/AE ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2014 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2008/90/CE ón gComhairle maidir le clárú soláthraithe agus cineálacha agus an liosta coiteann cineálacha.	Treoir 93/79/CEE ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 1993 ag leagan amach forálacha breise cur chun feidhme le haghaidh liostaí de chineálacha ábhair iomadaithe plandaí torthaí agus plandaí torthaí, arna gcoimeád ag soláthraithe faoi Threoir 92/34/CEE ón gComhairle.
Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/829 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, lena n-údaráitear na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le maoluithe sealadacha i bhfianaise tástála oifigiúla, críoche eolaíochta nó oideachais, trialacha, roghnúcháin chineáil, nó pórú.	Treoir 2008/61/CE ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear na coinníollacha faoina bhféadfar orgánaigh dhíobhálacha, plandaí, táirgí plandaí agus réada eile áirithe atá liostaithe in Iarscríbhinní I go V a ghabhann le Treoir 2000/29/CE ón gComhairle a thabhairt isteach sa Chomhphobal nó a bhogadh laistigh de, chun críoche trialacha nó eolaíochta agus chun obair a dhéanamh ar roghnúcháin chineáil.
Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/671 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2022 lena bhforlíontar	Rialachán (CE) Uimh. 494/97 ón gCoimisiún an 27 Feabhra 1998 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 820/97 ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm

<p>Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla ar ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus geirmeacha, gníomhaíocht leantach le déanamh ag an údarás inniúil i gcás neamhchomhlíonta na rialacha sainaitheanta agus clárúcháin le haghaidh bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair nó i gcás neamhchomhlíonta bó-ainmhithe áirithe le linn a bheith ar idirthuras tríd an Aontas, agus lena n-aisghairtear Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 494/98.</p>	<p>smachtbhannaí íosta riaracháin faoi chuimsiú an chórais chun bó-ainmhithe a shainaitheint agus a chlárú.</p>
<p>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2285 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le liostú lotnaidí, toirmeasc agus ceanglas chun plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach san Aontas agus a aistriú laistigh de agus lena n-aisghairtear Cinntí 98/109/CE agus 2002/757/CE agus Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/885 agus (AE) 2020/1292.</p>	<p>Cinneadh 2002/757/CE ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2002 maidir le bearta fiteashláintíochta éigeandála sealadacha chun tabhairt isteach <i>Phytophthora ramorum</i> Werres, De Cock & Man in 't Veld sp. nov. sa Chomhphobal agus a scaipeadh laistigh de a chosc.</p>
<p>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/384 ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 maidir le hoiriúnacht</p>	<p>Rialachán (CE) Uimh. 637/2009 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2009 lena mbunaítear rialacha cur chun feidhme maidir le hoiriúnacht na n-ainmníochtaí cineálacha de speicis plandaí talmhaíochta agus speicis glasraí talmhaíochta.</p>

<p>na n-ainmníochtaí cineálacha de speicis plandaí talmhaíochta nó speicis glasraí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2009.</p>	
<p>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1770 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2020 maidir le cineálacha agus speicis plandaí le haghaidh plandú nach bhfuil díolmhaithe ón gceanglas maidir le cód inrianaitheachta do phasanna plandaí faoi Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 92/105/CEE ón gCoimisiún.</p>	<p>Treoir 92/105/CEE ón gCoimisiún an 3 Nollaig 1992 lena mbunaítear leibhéal caighdeánaithe do phasanna plandaí atá le húsáid chun plandaí, táirgí plandaí nó réada eile áirithe a ghluaiseacht laistigh den Chomhphobal, agus lena mbunaítear nósanna imeachta mionsonraithe a bhaineann le heisiúint pasanna plandaí den sórt sin agus na coinníollacha agus na nósanna imeachta mionsonraithe chun iad a athsholáthar.</p>

2. GNÍOMHARTHA NACH BHFUIL I BHFEIDHM A THUILLEADH LE BAINN AS

- Rialachán (CE) Uimh. 998/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le ceanglais sláinte ainmhithe is infheidhme i leith gluaiseachta neamhthráchtála peataí agus lena leasaítear Treoir 92/65/CEE ón gComhairle.
- Cinneadh 2006/677/CE ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2006 lena leagtar síos na treoirlínte lena leagtar síos critéir maidir le hiniúchtaí a dhéanamh faoi Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialuithe oifigiúla chun comhlíonadh dlí beatha agus bia, rialacha sláinte ainmhithe agus rialacha leasa ainmhithe a fhíorú.
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 750/2014 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2014 maidir le bearta cosanta i ndáil le buinneach eipidéimeach muc maidir leis na ceanglais sláinte ainmhithe a bhaineann le tabhairt isteach muc-ainmhithe san Aontas.
- Moladh 2004/704/CE ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2004 maidir le monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil chúlra dé-ocsainí agus PCBanna atá cosúil le dé-ocsain in ábhair bheatha.
- Cinneadh 84/247/CEE ón gCoimisiún an 27 Aibreán 1984 lena leagtar síos na critéir chun aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí agus do chomhlachais póraitheoirí a choinníonn nó a bhunaíonn tréadleabhair d'ainmhithe síolrúcháin folaíochta den speiceas buaibheach.

- Cinneadh 94/360/CE ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 1994 maidir le minicíocht laghdaithe na seiceálacha fisiceacha ar choinsíneachtaí de tháirgí áirithe atá le cur chun feidhme ó thríú tíortha, faoi Threoir 90/675/CEE ón gComhairle.
- Cinneadh 2007/363/CE ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2007 maidir le treoirlínte chun cabhrú le Ballstáit an plean aonair comhtháite ilbhliantúil náisiúnta rialaithe dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/756/AE ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2012 maidir le bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh de *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto laistigh den Aontas.
- Cinneadh 2007/365/CE ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2007 maidir le bearta éigeandála chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh *Rhynchophorus ferrugineus* (Olivier) sa Chomhphobal.
- Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/340/AE ón gCoimisiún an 25 Meitheamh 2012 maidir le turgnamh sealadach a eagrú faoi Threoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE ón gComhairle agus 2002/57/CE ón gComhairle maidir le iniúchadh faoi mhaoirseacht oifigiúil ar shíol bunaidh agus ar shíol póirthe ó ghinealaigh roimh shíol bunaidh.
- Cinneadh 2009/109/CE ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2009 maidir le heagrú turgnaimh shealadaigh lena bhforáiltear do mhaoluithe áirithe ar mhargú meascán síolta atá beartaithe lena n-úsáid mar phlandaí farae de bhun Threoir 66/401/CEE ón gComhairle chun a chinneadh an gcomhlíonann speicis áirithe nach bhfuil liostaithe i dTreoir 66/401/CEE, i dTreoir 66/402/CEE, i dTreoir 2002/55/CE nó i dTreoir 2002/57/CE ón gComhairle na ceanglais atá le háireamh in Airteagal 2 (1) (A) de Threoir 66/401/CEE ón gComhairle.
- Cinneadh 2007/433/CE ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2007 maidir le bearta éigeandála sealadacha chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh *Gibberella circinata* Nirenberg & O'Donnell sa Chomhphobal.
- Cinneadh 90/639/CEE ón gCoimisiún an 12 Samhain 1990 lena gcinntear na hainmneacha a iompróidh na cineálacha glasraí a thig ó na cineálacha glasraí atá liostaithe i gCinneadh 89/7/CEE.
- Cinneadh 2004/200/CE ón gCoimisiún an 27 Feabhra 2004 maidir le bearta chun cosc a chur ar víreas mósáice an Pheipíonó a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus a leathadh laistigh den Chomhphobal.
- Cinneadh 2006/464/CE ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2006 maidir le bearta éigeandála sealadacha chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar leathadh *Dryocosmus kuriphilus* Yasumatsu sa Chomhphobal.
- Cinneadh 2007/410/CE ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2007 maidir le bearta chun cosc a chur ar Víróid tiúbair fearsaide na bprátaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus a leathadh laistigh den Chomhphobal.

3. GNÍOMHARTHA NACH MBAINNEANN LEIS AN TSEOIRSIA ATÁ LE HAISTRÍÚ

Gníomh N/B	Spreagadh
<p>Rialachán (CE) Uimh. 1662/95 ón gCoimisiún an 7 Iúil 1995 lena leagtar síos socrúithe mionsonraithe chun nósanna imeachta cinnteoireachta an Chomhphobail a chur chun feidhme i leith údaruithe margaióchta i leith táirgí atá ceaptha lena n-úsáid ag an duine nó le haghaidh úsáide tréidliachta.</p>	<p>Ábhartha do Bhallstáit an AE amháin.</p>
<p>Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/772 ón gCoimisiún an 21 Samhain 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta coisctheacha sláinte chun ionfhabhtú <i>Echinococcus multilocularis</i> a rialú i madraí agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1152/2011 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2011 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 998/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta coisctheacha sláinte chun ionfhabhtú <i>Echinococcus multilocularis</i> i madraí a rialú.</p>	<p>Ábhartha do Bhallstáit AE áirithe amháin mar atá sonraithe i Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/772 ón gCoimisiún.</p>
<p>Cinneadh 2007/843/CE ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2007 maidir le cláir rialaithe <i>Salmonella</i> a fhormheas in ealtaí pórúcháin <i>Gallus gallus</i> i dtríú tíortha áirithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2006/696/CE, maidir le ceanglais áirithe sláinte poiblí ag allmhairiú éanlaithe chlóis agus uibheacha goir.</p>	<p>Bunaítear cláir rialaithe <i>Salmonella</i> in ealtaí pórúcháin <i>Gallus gallus</i> i dtríú tíortha áirithe. Ní bhaineann sé leis an tSeoirsia.</p>
<p>Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dualgais agus cúraimí na Saotharlainne Tagartha Comhphobail a bhaineann le hiarratais ar údaruithe breiseán</p>	<p>Déanann sé rialáil ar shaincheisteanna a bhaineann leis an tSaotharlann Tagartha Comhphobail, dá bhrí sin ní bhaineann sé leis an tSeoirsia.</p>

beatha.	
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/723 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2019 lena leagtar síos rialacha do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfoirm shamplach chaighdeánach atá le húsáid sna tuarascálacha bliantúla arna dtíolacadh ag na Ballstáit lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/778/CE ón gCoimisiún an 14 Samhain 2006 maidir le híoscheanglais chun faisnéis a bhailiú le linn na hiniúchtaí a dhéanamh ar láithreáin táirgthe ar a gcoinnítear ainmhithe áirithe chun críocha feirmeoireachta.	Ábhartha do Bhallstáit an AE amháin.
Rialachán Cur Chun Feidhme an Choimisiúin (AE) Uimh. 489/2012 an 8 Meitheamh 2012 lena mbunaítear rialacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bia.	Ábhartha do Bhallstáit an AE amháin.
Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bia.	Rinne an tSeoirsia Rialachán 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhfhogasú in 2021 agus ní dhéantar foráil leis i dtaca le húdarú Seoirseach maidir le breiseáin bia eile nach bhfuil ar áireamh sna liostaí. Mheas rialtas na Seoirsia nach raibh sé riachtanach próiseas inmheánach údaraithe <i>ad hoc</i> a chruthú toisc go gcuimseoidh sé go huathoibríoch na breiseáin sin a chuir an tAontas leis na liostaí i bhfianaise comhfhogasú dinimiciúil.
Rialachán (AE) Uimh. 234/2011 ón gCoimisiún an 10 Márta 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe le haghaidh breiseáin bia, einsímí bia agus blastáin bia.	
Rialachán (AE) Uimh. 257/2010 ón gCoimisiún an 25 Márta 2010 lena mbunaítear clár maidir le hathmheastóireacht ar bhreiseáin	

<p>bia ceadaithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breiseáin bia.</p>	
<p>Cinneadh 2005/463/CE ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2005 lena mbunaítear grúpa líonra chun faisnéis a mhalartú agus a chomhordú maidir le barra géinmhodhnaithe, barra traidisiúnta agus barra orgánacha a chómhaireachtáil.</p>	<p>Cuireann reachtaíocht Sheoirseach cosc ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe (GMO) a thabhairt isteach sa chríoch Sheoirseach agus a chur ar an margadh le haghaidh tuilleadh saothraithe, rud nach mbaineann le hábhar don tSeoirsia.</p>
<p>Cinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear formáidí caighdeánacha tuairiscithe chun torthaí faireacháin ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh isteach sa chomhshaol d'aon ghnó, mar tháirgí nó i dtáirgí, chun críocha iad a chur ar an margadh, de bhun Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.</p>	
<p>Moladh 2010/C 200/01 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2010 maidir le treoirlínte le haghaidh bearta náisiúnta cómhaireachtála a fhorbairt chun láithreach neamhbheartaithe OGManna i mbarra traidisiúnta agus i mbarra orgánach a sheachaint.</p>	
<p>Cinneadh 2002/812/CE ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2002 lena mbunaítear, de bhun Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an fhormaid achomair faisnéise a bhaineann le horgánaigh ghéinmhodhnaithe a chur ar an margadh mar tháirgí nó i dtáirgí.</p>	
<p>Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le coibhéis na n-íniúchtaí arna ndéanamh i dtríú tíortha ar bharrá táirgthe síolta agus maidir le coibhéis síolta arna dtáirgeadh i dtríú tíortha.</p>	<p>Tagraíonn an Cinneadh do choibhéis na gcigireachtaí a dhéantar i dtríú tíortha sonraithe ar bharrá a tháirgeann síl agus ar choibhéis na síolta a tháirgtear i dtríú tíortha sonraithe. Ní bhaineann sé leis an tSeoirsia.</p>

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh den Fhochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, a mhalairt, maidir le hIarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú sin a mhodhnú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Rinneadh an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, ar thaobh amháin, agus an tSeoirsia, ar an taobh eile ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích le Cinneadh 2014/494/AE⁶ ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2016.
- (2) De bhun Airteagal 65 den Chomhaontú, féadfaidh an Fochóiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta (" Fochóiste SPS ") cinntí a ghlacadh maidir le haon ábhar a bhaineann le Caibidil 4 (bearta Sláintíochta agus fíteashláintíochta) de Theideal IV (Trádáil agus Nithe a bhaineann le Trádáil), lena n-áirítear a chur chun feidhme, agus tugtar de chumhacht dó Iarscríbhinn XI - B a ghabhann leis an gComhaontú a athbhreithniú agus a mhodhnú.
- (3) Tá an Fochóiste SPS le linn a chruinniú [...] an [...] le cinneadh a ghlacadh maidir le hIarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú, ina bhfuil liosta comhfhogasaithe de ghníomhartha an Aontais maidir le cúrsaí sláintíochta agus fíteashláintíochta chomh maith le réimsí leasa ainmhithe a mbeidh an tSeoirsia chun a reachtaíocht a chomhfhogasú de réir a chéile de bhun Airteagal 55(1) den Chomhaontú.
- (4) Thug Cinneadh Uimh. 1/2017⁷ bhFochóiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta idir an tAontas agus an tSeoirsia an 7 Márta 2017 an liosta comhfhogasaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú chun críche.
- (5) Ag seacht gcruinniú bliantúla Fochóiste SPS, chuir an tSeoirsia an Coimisiún ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta maidir le comhfhogasú reachtaíocht an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, tá an tSeoirsia tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na gníomhartha ba cheart a bhaint as Iarscríbhinn XI-B ar an mbreithniú nach bhfuil na gníomhartha sin ábhartha don tSeoirsia ós rud é go bhfuil siad infheidhme maidir le Ballstáit an Aontais amháin.

⁶ IO L 261, 30.8.2014, lch. 1.

⁷ IO L 98, 11.04.2017, lch. 22.

- (6) Tá roinnt gníomhartha de chuid an Aontais atá liostaithe in Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú aisghairthe ag an AE agus tá gníomhartha nuabhunaithe curtha in ionad fothacar díobh sin ó glacadh Cinneadh Uimh. 1/2017 ó Fhochoiste SPS an 7 Márta 2017. Tá a n-éifeacht dhlíthiúil idithe ag gníomhartha eile idir an dá linn.
- (7) Is gá, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú chun forás *acquis* an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn sin a léiriú agus chun í a ionadú.
- (8) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh, atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Fhochoiste SPS maidir le hIarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú, a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an cruinniú [...] den Fhochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta arna bhunú le hAirteagal 65 den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, maidir le hIarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú, i gcomhréir le dréachtchinneadh an Fhochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta atá i gceangal leis mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh den Fhochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta aontú ar mhionathruithe teicniúla ar fhocláiocht an dréachtchinnidh a ghabhann mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, nach gcuireann gnóthú chuspóir na modhnuithe sin i mbaol den Chomhairle.

Airteagal 2.

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle,
An tUachtarán*